RTÉ Home School Hub

Déardaoin
14ú Bealtaine

Rang 5 & Rang 6
Ealaín

Stampaí

Seo na treoracha faoi conas na stampaí a rinne Múinteoir Clíona i gceacht an lae inniu a dhéanamh. Bíodh spraoi agat le stampaí!

Ag teastáil uait – Cairtchlár, píosa sreangáin, cipíní / cipíní fiacla, gliú, páipéar, péint, scuab phéinteála.

01 Gearr amach cearnóg den chairtchlár

02 Gearr amach stiall den chairtchlár chun murlán a dhéanamh. Fill ina dhá leath é agus ansin fill ag an mbun é agus gliúáil ar an gcearnóg den chairtchlár é.

03 Clúdaigh an stampa le gliú agus cóirigh an sreangán i bpatrún atá ina ghuairneán (nó pé patrún is mian leat!)

04 Scuab an péint ar an sreangán.

05 Brúigh síos an stampa ar do pháipéar.

06 D'fhéadfá stampa eile a dhéanamh freisin ag úsáid cipíní, no aon rud eile a cheapann tú a bheadh go maith chun prionta a dhéanamh.

Jócanna Ainmhithe

How do you catch a squirrel?
Climb a tree and act like a nut.

What do you get if cross Bambi with a ghost?
Bamboo!

What do you call a deer with no eyes?
No idea! (No eyed deer, get it?)

Where do otters keep their money?
In the river bank!

What do you call a fox with carrots in his ears?
Anything you want, he can't hear you!

Lorg na Lapaí

Agus anois priontaí atá an-éagsúil - lorg coise ainmhithe! An bhfaca tú roinnt loirg lapaí sa phuiteach riamh agus ar smaoinigh tú ar na hainmhithe a d'fhág na loirg ina ndiaidh? Seo treoir gearr faoi chuid de loirg coise ainmhithe na hÉireann. An áit is fearr chun na loirg a fheiceáil ná ar thalamh bog cois na habhann, sa sneachta, nó sa phuiteach tar éis na báistí.

Rianta Ainmhithe Fiáine

Tá rian sionnaigh an-chosúil le rian madra ach i bhfad níos cúinge. Tá ceithre mhéar coise i lorg coise sionnaigh leis an dá mhéar ar an taobh amuigh ag lúbadh isteach i dtreo na cinn taobh istigh.

Seo ceann gur féidir a fheiceáil go héasca toisc gur crúba scoilte atá ann agus níl ach dhá mhéar coise aige.

Tá lorg coise leathan ag an mbroc le cúig mhéar coise, crúba fada agus bonn a bhfuil cruth pónaire ghlóthaí air. Tá sé cosúil le lorg láimhe beag

Is féidir rianta an mhadra uisce a fháil sa phuiteach bog cois na habhann nó faoi dhroichid. Tá cúig mhéar coise acu ar nós deora agus bonn mór ar chúl. Má tá an lorg i bpuiteach atá thar a bheith bog b'fhéidir go bhfeicfidh tú an scamall idir na méara coise.

Tá lorg coise beag ag an lora. Tá ceithre mhéar ar na cosa tosaigh le bonn ar leith (féach ar na spotaí in íochtar na loirge) agus tá cúig mhéar ar na cosa deiridh gan aon lorg boinn acu. Ba chóir go mbeadh tú ábalta na crúba géara a fheiceáil ina gcuid rianta.

Sionnach

Madra